



**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**  
**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**  
**UNIVERSITIES ACT, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

**DRÉACHT-RIALACHÁN 2/2020**



## National University of Ireland, Galway/*Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*

### DRAFT REGULATION 2/2020/ *DRÉACHT-RIALACHÁN 2/2020*

WE, *Údarás na hOllscoile* of National University of Ireland, Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of National University of Ireland, Galway, make the Regulation contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhachtaí sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of National University of Ireland, Galway, this twenty-eighth Day of October, Two Thousand and Twenty./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an t-ochtú lá seo is fiche de Dheireadh Fómhair, Dhá Mhíle agus a Fiche.*

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:*

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*  
Caroline Loughnane, *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

#### Schedule – DRAFT REGULATION 2/2020/*Sceideal* – *DRÉACHT-RIALACHÁN 2/2020*

All previous Regulations of National University of Ireland, Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Rialacháin uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

## CHAPTER I

### SCHOOLS

Regulation 2/2020 hereby supercedes Regulations 3/2010, 1/2013, 1/2014 and 1/2019.

1. Pursuant to the provisions of Section 2 of Chapter I of Statute CCCLXVII, the distribution of the disciplines in each of the Colleges between the Schools shall be as follows. Each discipline shall include all specialisms within the respective discipline set out in this Section.

#### THE COLLEGE OF ARTS, SOCIAL SCIENCES AND CELTIC STUDIES

##### The School of Education

- Education
- Children's Studies

##### The School of English and Creative Arts

- Drama and Theatre
- English
- Huston School of Film and Digital Media
- Music

##### The School of History and Philosophy

- History
- Philosophy

##### The School of Geography, Archaeology and Irish Studies

- Geography
- Archaeology
- Irish Studies

##### The School of Languages, Literatures and Cultures

- Classics
- French
- Gaeilge
- German
- Italian
- Spanish and Latin American Studies

##### The School of Political Science and Sociology

- Applied Social Sciences
- Journalism and Communications
- Politics
- Sociology
- Gender and Women's Studies

##### The School of Psychology

- Psychology



## THE COLLEGE OF BUSINESS, PUBLIC POLICY AND LAW

The J.E. Cairnes School of Business and Economics

- Accountancy and Finance
- Economics
- Management
- Marketing
- Business Information Systems

The School of Law

- Law

Shannon College of Hotel Management

- Hotel Management

## THE COLLEGE OF MEDICINE, NURSING AND HEALTH SCIENCES

The School of Health Sciences

- Health Promotion
- Occupational Therapy
- Podiatry
- Speech and Language Therapy

The School of Medicine

- Anaesthesia
- Anatomy
- Bacteriology
- General Practice
- Medicine
- Obstetrics and Gynaecology
- Paediatrics
- Pathology
- Pharmacology and Therapeutics
- Physiology
- Psychiatry
- Radiology
- Surgery

The School of Nursing and Midwifery

- Nursing
- Midwifery

## THE COLLEGE OF SCIENCE AND ENGINEERING

The School of Chemistry

- Chemistry

The School of Computer Science

- Computer Science



The School of Engineering

- Biomedical Engineering
- Civil Engineering
- Electrical and Electronic Engineering
- Mechanical Engineering

The School of Mathematics, Statistics and Applied Mathematics

- Mathematics
- Statistics
- Applied Mathematics
- Bioinformatics

The School of Natural Sciences

- Biochemistry
- Botany
- Earth and Ocean Sciences
- Microbiology
- Zoology

The School of Physics

- Physics

## CHAPTER II

### INTER-DISCIPLINARY CENTRES

1. There are hereby Inter-Disciplinary Centres established within the College of Arts, Social Sciences and Celtic Studies as follows:

The School of Geography, and Archaeology and Irish Studies

- Irish Studies
- Development Studies

## CHAPTER III

### MEMBERSHIP OF SCHOOLS

1. Pursuant to the provisions of Section 2 of Chapter I of Statute CCCLXVII, the membership of the Schools shall be as set out in this Chapter.
2. Each member of academic staff in each of the disciplines of the respective School, as set out in Chapter I of this Regulation, other than visiting academic staff and persons who hold an adjunct or honorary appointment in the University, shall be a member of the said School.

Notwithstanding the foregoing, every member of academic staff appointed for duty in a School shall be a member of that School.

3. Each holder of a post of University Fellow (Teaching and Research) in a School shall be a member of the respective School as set out in Chapter I of this Regulation.
4. Each member of the technical, administrative, secretarial and ancillary staff appointed for duty in a School shall be a member of the said School.
5. The members of a School shall include one registered undergraduate student elected annually by and from among the undergraduate class representatives in the said School and one registered postgraduate student elected annually by and from among the postgraduate class representatives in the said School, provided that the aforesaid members of the School shall not be entitled to be present during consideration by the School of matters which relate to specific students, and provided further that each of the aforesaid members of the School shall cease to be a member of the said School when (s)he ceases to be a registered undergraduate student or postgraduate student, as the case may be, of the said School.
6. Notwithstanding the foregoing, Údarás na hOllscoile may, in the case of an individual member of existing academic staff or of academic staff appointed hereafter, assign membership of a School other than as set out in Chapter I of this Regulation with due regard to the views of the member concerned.

#### CHAPTER IV

1. This Regulation shall come into operation on the twenty-eighth Day of October, Two Thousand and Twenty, and may be cited as Regulation 2/2020, National University of Ireland Galway, or Reg. 2/2020, Nat. Univ. of I., Galway.

Present when the Common Seal of National University of Ireland, Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*  
Caroline Loughnane, *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

## CAIBIDIL I

### SCOILEANNA

Leis seo, déantar Rialachán 2/2020 a chur in áit na Rialachán seo a leanas: Rialachán 1/2019, 3/2010, 1/2013, agus 1/2014.

1. De bhun fhorálacha Alt 2 de Chaibidil I de Reacht CCCLXVII, is mar a leanas a bheidh dáileadh na ndisciplíní i ngach ceann de na Coláistí idir na Scoileanna. Cuimseoidh gach disciplín na speisialtachtaí uile laistigh den disciplín áirithe mar atá sí sin leagtha amach san Alt seo.

#### COLÁISTE NA nDÁN, NA nEOLAÍOCHTAÍ SÓISIALTA AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

##### Scoil an Oideachais

- Oideachas
- An Léann Leanaí

##### Scoil an Bhéarla agus na nEalaíon Cruthaitheach

- Drámaíocht agus Amharclannaíocht
- Béarla
- Scoil Scannán agus Meán Digiteach Huston
- Ceol

##### Scoil na Staire agus na Fealsúnachta

- Stair
- Fealsúnacht

##### Scoil na Tíreolaíochta, na Seandálaíochta agus an Léinn Éireannaigh

- Tíreolaíocht
- Seandálaíocht
- An Léann Éireannach

##### Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr

- Na Clasaicí
- Fraincis
- Gaeilge
- Gearmáinis
- Iodáilis
- Spáinnis agus Léann Mheiriceá Laidineach

##### Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta

- Na hEolaíochtaí Sóisialta Feidhmeacha
- Iriseoireacht agus Cumarsáid
- Polaitíocht
- Socheolaíocht
- Léann Inscne agus Ban



- Scoil na Síceolaíochta  
- Síceolaíocht

## COLÁISTE AN GHNÓ, AN BHEARTAIS PHOIBLÍ AGUS AN DLÍ

- Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes  
- Cuntasaíocht agus Airgeadas  
- Eacnamaíocht  
- Bainistíocht  
- Margaíocht  
- Córais Faisnéise Gnó

- Scoil an Dlí  
- Dlí

- Coláiste Ósta na Sionnaine  
- Bainistíocht Óstáin

## COLÁISTE AN LEIGHIS, AN ALTRANAIS AGUS NA hEOLAÍOCHTAÍ SLÁINTE

- Scoil na nEolaíochtaí Sláinte  
- Cothú Sláinte  
- Teiripe Shaothair  
- Póidiatrach  
- Teiripe Urlabhra agus Theanga

- Scoil an Leighis  
- Ainéistéise  
- Anatamaíocht  
- Baictéareolaíocht  
- Gnáthdhochtúireacht  
- Leigheas  
- Obstatraic agus Liacht Bhan  
- Péidiatraic  
- Paiteolaíocht  
- Cógaseolaíocht agus Teiripic  
- Fiseolaíocht  
- Síciatrach  
- Raideolaíocht  
- Máinliacht

- Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais  
- Altranas  
- Cnáimhseachas

## COLÁISTE NA hEOLAÍOCHTA AGUS NA hINNEALTÓIREACHTA

- Scoil na Ceimice  
- Ceimic





Scoil na Ríomheolaíochta  
- Ríomheolaíocht

Scoil na hInnealtóireachta  
- Innealtóireacht Bhithleighis  
- Innealtóireacht Shibhialta  
- Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach  
- Innealtóireacht Mheicniúil

Scoil na Matamaitice, na Staitistice agus na Matamaitice Feidhmí  
- Matamaitic  
- Staitisticí  
- Matamaitic Fheidhmeach  
- Bithionformaitic

Scoil na hEolaíochtaí Nádúrtha  
- Bithcheimic  
- Luibheolaíocht  
- Eolaíochtaí Cruinne agus Aigéin  
- Micribhitheolaíocht  
- Míoleolaíocht

Scoil na Fisice  
- Fisic

## CAIBIDIL II

### IONAID IDIR-DHISIPLÍNEACHA

1. Leis seo, déantar Ionaid Idir-Dhisiplíneacha a bhunú taobh istigh de Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh mar a leanas:

Scoil na Tíreolaíochta, na Seandálaíochta agus an Léinn Éireannaigh  
- An Léann Éireannach  
- An Léann Forbartha

## CHAPTER III

### BALLRAÍOCHT NA SCOILEANNA

1. De bhun fhorálacha Alt 2 de Chaibidil I de Reacht CCCLXVII, beidh ballraíocht na Scoileanna mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo.
2. Beidh gach ball den fhoireann acadúil i ngach ceann de dhisciplíní na Scoile faoi seach, mar atá siad

leagtha amach i gCaibidil I den Rialachán seo, seachas foireann acadúil ar cuairt agus daoine atá i seilbh nasc-cheapacháin nó cheapacháin Oinigh san Ollscoil, ina b(h)all den Scoil sin.

D'ainneoin a bhfuil réamhráite, beidh gach ball den fhoireann Acadúil a cheapfar le dul i mbun dualgais i Scoil ina b(h)all den Scoil sin.

3. Beidh gach duine a bhfuil post Chomhalta Ollscoile (Teagasc agus Taighde) i Scoil ina s(h)eilbh ina b(h)all den Scoil faoi seach mar atá leagtha amach i gCaibidil I den Rialachán seo.
4. Beidh gach ball den fhoireann theicniúil, riaracháin, rúnaíochta agus seirbhíse a cheapfar le dul i mbun dualgais i Scoil ina b(h)all den Scoil sin.
5. Ar bhaill Scoile beidh mac léinn fochéime cláraithe amháin a thoghfad gach bliain ag agus as measc ionadaithe ranga fochéime na Scoile sin agus mac léinn iarchéime cláraithe amháin a thoghfad gach bliain ag agus as measc ionadaithe ranga iarchéime na Scoile sin, ar choinníoll nach mbeidh na baill réamhráite den Scoil i dteideal bheith i láthair le linn don Scoil gnóthaí a bhaineann le mic léinn shonracha a bhreathnú, agus ar choinníoll thairis sin go stadfaidh sé/sí de bheith ina b(h)all den Scoil sin nuair a stadfaidh sé/sí de bheith ina m(h)ac léinn fochéime cláraithe nó ina m(h)ac léinn iarchéime cláraithe, de réir mar bheidh, den Scoil sin.
6. D'ainneoin a bhfuil réamhráite, féadfaidh Údarás na hOllscoile, i gcás baill aonair den fhoireann acadúil atá ann faoi láthair nó den fhoireann acadúil a cheapfar ina dhiaidh seo, ballraíocht Scoile a shannadh seachas mar atá leagtha i gCaibidil I den Rialachán seo, tar éis dul i gcomhairle leis an mball sin.

#### CAIBIDIL IV

1. Tiofadh an Rialachán seo i ngníomh an t-ochtú lá seo is fiche de Dheireadh Fómhair, Dhá Mhíle agus a F i c h e , agus féadfar Rialachán 2/2020, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó Rial. 2/2020, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala  
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*  
Caroline Loughnane, *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*